# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Cáisc 2023

## Ríomhairí Nua



Fuair an scoil ríomhairí nua agus bíonn na gasúir gnóthnach ag obair leo!

## Scéalaíocht 30/1/23



Tháinig Orla Ní Fhinneadha ó Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga chuig an scoil chun scéalaíocht agus amhránaíocht a dhéanamh le na gasúir. Bhí sí ag caint leo faoi Fhéile Bríde.

## Clár Bí Sábháilte

Thosaigh muid an clár Bí Sábháilte sa scoil. Is éard is aidhim leis an gclár ná scileanna sábháilteachta pearsanta a mhúineadh le go mbeidh na gasúir in ann iad féin a iompar i gcásanna a ghoillfeadh orthu nó a bheadh contúirteach. Tá na gasúir ag foglaim an oiread uaidh.

## Coirm Gael Linn 22/2/23




Ghlac na Naíonáin páirt sa bhféile drámaíochta Coirm Gael Linn a bhí ar siúl in Amharclann na Gaillimhe. Chuir siad an dráma Cochaillín Dearg ar stáitse. Fuair siad dhá dhuais!

## Lá Domhanda na Leabhar 2/3/23



Mar cheiliúradh den Lá Domhanda na Leabhar ghléas na gasúir suas mar charachtar ó leabhar. Bhain siad an-sult as an lá!

## Cóineartú 3/3/23



Bhí lá fíor speisialta ag Rang a 5 agus Rang a 6 nuair a rinne siad a gCóineartú i Séipéal Cill Treasa, Ros a' Mhíl. Míle buiochas leis an gcóir a bhí ann ar an lá agus le Nóirín, Síle Ní Chonghaile agus Méadhbh Ní Lochlainn a bhí ag obair leo!



## Féile Scoildrámaíocht 10/3/23 + 21/3/23







Chuir an scoil dhá dhráma ar stáitse sa gcomórtas Féile Scoildrámaíocht. Rinne na Naíonáin an dráma 'Cochaíllín Dearg' agus rinne na hArdranganna an dráma 'Cé aige atá an Chumhacht?' Fuair Cian Ó Piotáin duais don aisteoir is fearr i ndráma na naíonáin agus bhain 'Cé aige atá an Chumhact?' duais amach don dráma nua scríofa is fearr sa gcomórtas!! Bhí an dá dhráma roghnaithe le dul ar aghaidh chuig Féile Chraobh Chonnacht i Seanscoil Sailearna. D' éirigh leis an Naíonáin áit sa Chraobh Náisiúnta a bhaint amach ach faraor, ní bhfuair na hArdranganna ainmniúchan an t-am seo. Beidh an féile náisiúnta ar siúl sa Mhuilleann gCearr tar éis na Cásca ar an 26ú Aibreán.









**Paráid Lá Pádraig 17/3/23**



Ghlac muid páirt i bpáráid Lá Pádraig tar éis trí bliana de bharr Covid. Is iad na heilimentí aer, uisce, tine agus an domhan bhí mar théama againn. Bhuaigh muid an chéad áit i gcomórtas na scoileanna!! Tá muid ar fad fíor bhródúil as na gasúir uilig!! Míle buíochas le Molly a rinne na cultachta don dráma agus don pharáid!

***Ag guí Cáisc iontach agaibh go léir!***

***Foireann na scoile***




**Ar oscailt na scoile : 17/4/23**